RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1218 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Iúil 2022

lena leasaítear Iarscríbhinní áirithe a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 a mhéid a bhaineann le formheas an stádais saor ó ghalar atá ag Ballstáit áirithe nó criosanna díobh i ndáil le galair liostaithe áirithe agus le formheas na gclár díothaithe le haghaidh galair liostaithe áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") ([1]), agus go háirithe Airteagail 31(3) agus 36(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2016/429 rialacha sonracha ó thaobh galair de maidir leis na galair a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 5(1) de agus leagtar síos an chaoi a gcuirfear na rialacha sin i bhfeidhm maidir le catagóirí éagsúla galar liostaithe. Déantar foráil i Rialachán (AE) 2016/429 go mbunóidh na Ballstáit cláir dhíothaithe éigeantacha le haghaidh na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (b), de, agus déantar foráil ann maidir le cláir dhíothaithe roghnacha le haghaidh na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (c), de agus maidir le formheas na gclár sin ag an gCoimisiún. Foráiltear leis an Rialachán freisin maidir leis an bhformheas nó an tarraingt siar a dhéanfaidh an Coimisiún ar stádas saor ó ghalar Ballstát nó criosanna nó deighleoga díobh maidir le galair liostaithe áirithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (b) agus (c), de.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún ([2]), déantar forlíonadh ar Rialachán (AE) 2016/429 agus leagtar síos na critéir maidir le stádas saor ó ghalar a dheonú, a choinneáil, a chur ar fionraí agus a tharraingt siar i gcás Ballstát nó criosanna nó deighleoga díobh, agus na ceanglais maidir le formheas clár díothaithe éigeantach nó roghnach le haghaidh Ballstát nó criosanna nó deighleog díobh.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 ón gCoimisiún ([3]), leagtar síos rialacha cur chun feidhme do na galair liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1) pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2016/429, maidir le hainmhithe, a mhéid a bhaineann le stádas saor ó ghalar agus neamh-vacsaínithe Ballstát áirithe nó criosanna nó deighleoga díobh, agus formheas na gclár díothaithe le haghaidh na ngalar liostaithe sin. Go háirithe, liostaítear ann sna hIarscríbhinní a ghabhann leis, na Ballstáit nó na criosanna nó deighleoga díobh a bhfuil stádas saor ó ghalar acu agus liostaítear ann freisin na cláir dhíothaithe fhormheasta atá ann cheana. Mar gheall ar an athrú atá ag teacht ar an staid eipidéimeolaíoch i gcás galair áirithe, is gá Ballstáit nua atá saor ó ghalar nó criosanna díobh a liostú agus cláir dhíothaithe áirithe arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin a fhormheas.

(4) I gcás ionfhabhtú *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis*, ionfhabhtú coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis* (*Mycobacterium bovis, M. caprae agus M. tuberculosis*) (MTBC), liúcóis bhólachta eansótach (LBE), ionfhabhtú na buinní víreasaí bólachta (BVB) agus ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) (BTV), tá roinnt Ballstát tar éis iarratas a dhéanamh don Choimisiún stádas saor ó ghalar nó cláir dhíothaithe a fhormheas le haghaidh a gcríche iomláine nó le haghaidh cuid dá gcríoch.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha d'fhaireachas, cláir dhíothaithe agus stádas saor ó ghalair do ghalair áirithe atá liostaithe agus ag teacht chun cinn (IO L 174, 3.6.2020, lch. 211).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le formheas an stádais saor ó ghalar agus an stádais neamh-vacsaínithe atá ag Ballstát áirithe nó ag criosanna nó deighleoga díobh i ndáil le galair liostaithe áirithe agus formheas na gclár díothaithe le haghaidh na ngalar liostaithe sin (IO L 131, 16.4.2021, lch. 78).

(5) Maidir le hionfhabhtú *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis* i mbó-ainmhithe, chuir an Iodáil faisnéis faoi bhráid an Choimisiúin lena léirítear go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le stádas saor ó ghalar a aithint, coinníollacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 i gCúige Vibo Valentia i Réigiún Calabria agus i gCúige Teramo i Réigiún Abruzzo. Dá bhrí sin, ba cheart na criosanna sin a liostú mar chriosanna saor ó ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis* i mbó-ainmhithe i gCuid I, Caibidil 1, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620.

(6) Maidir le hionfhabhtú *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis* in ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair, chuir an Iodáil faisnéis faoi bhráid an Choimisiúin lena léirítear go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le stádas saor ó ghalar a aithint, coinníollacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 i gCúige Lecce i Réigiún Puglia. Dá bhrí sin, ba cheart an crios sin a liostú mar chrios saor ó ionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis* in ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair i gCuid I, Caibidil 2, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620.

(7) Maidir le hionfhabhtú le MTBC, chuir an Iodáil faisnéis faoi bhráid an Choimisiúin lena léirítear go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le stádas saor ó MTBC a aithint, coinníollacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 i gCúigí Aquila, Chieti agus Teramo i Réigiún Abruzzo, i gCúige Latina i Réigiún Lazio, i gCúigí Bari agus Taranto i Réigiún Puglia agus i gCúige Nuoro i Réigiún na Sairdíne. Dá bhrí sin, ba cheart na criosanna sin a liostú mar chriosanna saor ó ionfhabhtú le MTBC i gCuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620.

(8) Maidir le hionfhabhtú le LBE, tá iarratas curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an gCróit ar chlár díothaithe a bheith formheasta dá críoch. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, léiríodh go gcomhlíonann an iarratas sin na critéir a leagtar síos i gCuid II, Caibidil 2, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 maidir le cláir dhíothaithe le haghaidh LBE a fhormheas. Dá bhrí sin, ba cheart an Ballstát sin a liostú dá réir sin i gCuid II d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, mar Bhallstáit ag a bhfuil clár díothaithe formheasta le haghaidh LBE.

(9) Maidir le hionfhabhtú BVB, tá faisnéis curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an Danmhairg agus ag an nGearmáin lena léirítear go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le stádas saor ó BVB a aithint, coinníollacha a leagtar síos le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 i gcríoch iomláin na Danmhairge agus in Landkreis Ravensburg, Erding, Weilheim-Schongau, Oberallgäu agus Fulda sa Ghearmáin, faoi seach. Dá bhrí sin, ba cheart an Ballstát sin agus na criosanna sin a liostú dá réir sin i gCuid I d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, mar Bhallstát nó criosanna ag a bhfuil stádas saor ó ghalar le haghaidh BVB.

(10) Maidir le hionfhabhtú le BVB, tá iarratas curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag Éirinn ar chlár díothaithe a bheith formheasta dá críoch. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, léiríodh go gcomhlíonann an t-iarratas sin na critéir a leagtar síos i gCuid II, Caibidil 2, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 maidir le cláir dhíothaithe le haghaidh BVB a fhormheas. Dá bhrí sin, ba cheart an Ballstát sin a liostú dá réir sin i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, mar Bhallstáit ag a bhfuil clár díothaithe formheasta le haghaidh BVB.

(11) A mhéid a bhaineann le hionfhabhtú le BTV, tá faisnéis curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an nGearmáin lena léirítear go bhfuil na coinníollacha maidir le stádas saor ó ghalar le haghaidh BTV a aithint comhlíonta i gcás chríoch iomlán Baden-Württemberg, Hessen agus Nordrhein-Westfalen. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, léiríodh go gcomhlíonann na hiarratais sin na critéir a leagtar síos i gCuid II, Caibidil 2, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 maidir le stádas saor ó ghalar a dheonú le haghaidh BTV. Dá bhrí sin, ba cheart na criosanna sin a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, mar chriosanna ag a bhfuil stádas saor ó ghalar le haghaidh BTV.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní I, II, IV, VII agus VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 a leasú dá réir.

(13) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní I, II, IV, VII agus VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní I, II, IV, VII agus VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) leasaítear Cuid I mar a leanas:

(i) i gCaibidil 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Iodáil:

Ballstát	Críoch
"An Iodáil	Regione Abruzzo: Provincia di Pescara, Teramo Regione Calabria: Provincia di Vibo Valentia Regione Campania: Province di Avellino, Benevento, Napoli Regione Emilia-Romagna Regione Friuli Venezia Giulia Regione Lazio Regione Liguria Regione Lombardia Regione Marche Regione Molise: Provincia di Campobasso Regione Piemonte Regione Puglia: Province di Bari, Barletta-Andria-Trani, Brindisi, Lecce Regione Sardegna Regione Toscana Regione Trentino – Alto Adige Regione Umbria Regione Valle d'Aosta Regione Veneto"

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chaibidil 2:

"CAIBIDIL 2

Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil stádas saor ó ghalar maidir le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis* i bpobail ainmhithe caorach agus gabhair

Ballstát (*)	Críoch
An Bheilg	Críoch iomlán
An tSeicia	Críoch iomlán
An Danmhairg	Críoch iomlán
An Ghearmáin	Críoch iomlán
An Eastóin	Críoch iomlán
Éire	Críoch iomlán
An Spáinn	Críoch iomlán
An Fhrainc	Région Auvergne et Rhône-Alpes Région Bourgogne-Franche-Comté Région Bretagne Région Centre-Val de Loire Région Corse Région Grande Est Région Hauts-de-France Région Ile-de-France Région Normandie Région Nouvelle-Aquitaine

	Région Occitanie Région Pays de la Loire Région Provence-Alpes-Côte d'Azur
An Iodáil	Regione Abruzzo Regione Calabria: Province di Catanzaro, Cosenza Regione Campania: Provincia di Benevento Regione Emilia-Romagna Regione Friuli Venezia Giulia Regione Lazio Regione Liguria Regione Lombardia Regione Marche Regione Molise Regione Piemonte Regione Puglia: Province di Bari, Barletta-Andria-Trani, Brindisi, Lecce, Taranto Regione Sardegna Regione Toscana Regione Trentino – Alto Adige Regione Umbria Regione Valle d'Aosta Regione Veneto
An Chipir	Críoch iomlán
An Laitvia	Críoch iomlán
An Liotuáin	Críoch iomlán
Lucsamburg	Críoch iomlán
An Ungáir	Críoch iomlán
An Ísiltír	Críoch iomlán
An Ostair	Críoch iomlán
An Pholainn	Críoch iomlán
An Phortaingéil	Região Autónoma dos Açores
An Rómáin	Críoch iomlán
An tSlóivéin	Críoch iomlán
An tSlóvaic	Críoch iomlán
An Fhionlainn	Críoch iomlán
An tSualainn	Críoch iomlán
An Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann)	Tuaisceart Éireann

(*) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhréir le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, chun críocha na hIarscríbhinne seo, baineann tagairtí do Bhallstáit leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann."

(b) leasaítear Cuid II mar a leanas:

(i) i gCaibidil 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Iodáil:

Ballstát	Críoch
"An Iodáil	Regione Abruzzo: Provincia dell'Aquila, di Chieti Regione Basilicata

	Regione Calabria: Provincia di Catanzaro, Cosenza, Crotone, Reggio Calabria Regione Campania: Provincia di Caserta, Salerno Regione Molise: Provincia di Isernia Regione Puglia: Provincia di Foggia, Taranto Regione Sicilia”

(ii) i gCaibidil 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Iodáil:

Ballstát	Críoch
“An Iodáil	Regione Basilicata Regione Calabria: Provincia di Crotone, Reggio Calabria, Vibo Valentia Regione Campania: Provincia di Caserta, Salerno, Avellino, Napoli Regione Puglia: Provincia di Foggia Regione Sicilia”

(2) leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) cuirtear an méid a leanas in ionad Chuid I:

“CUID I

Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil stádas saor ó ghalar maidir le hionfhabhtú le MTBC

Ballstát	Críoch
An Bheilg	Críoch iomlán
An tSeicia	Críoch iomlán
An Danmhairg	Críoch iomlán
An Ghearmáin	Críoch iomlán
An Eastóin	Críoch iomlán
An Spáinn	Comunidad Autónoma de Canarias Comunidad Autónoma de Galicia Comunidad Autónoma del País Vasco Comunidad Autónoma del Principado de Asturias
An Fhrainc	Críoch iomlán
An Iodáil	Regione Abruzzo Regione Basilicata: Provincia di Matera Regione Emilia-Romagna Regione Friuli Venezia Giulia Regione Lazio: Provincia di Frosinone, Latina, Rieti, Viterbo Regione Liguria Regione Lombardia Regione Marche: Provincia di Ancona, Ascoli Piceno, Fermo, Pesaro-Urbino Regione Molise Regione Piemonte Regione Puglia: Provincia di Bari, Taranto Regione Sardegna: Citta metropolitana di Cagliari, Provincia di Nuoro, Oristano, Sud Sardegna Regione Toscana Regione Trentino – Alto Adige Regione Umbria Regione Valle d’Aosta Regione Veneto

An Laitvia	Críoch iomlán
An Liotuáin	Críoch iomlán
Lucsamburg	Críoch iomlán
An Ungáir	Críoch iomlán
An Ísiltír	Críoch iomlán
An Ostair	Críoch iomlán
An Pholainn	Críoch iomlán
An Phortaingéil	Região Algarve: all distritos Região Autónoma dos Açores seachas Ilha de São Miguel
An tSlóivéin	Críoch iomlán
An tSlóvaic	Críoch iomlán
An Fhionlainn	Críoch iomlán
An tSualainn	Críoch iomlán”

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid II:

“CUID II

Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le hionfhabhtú le MTBC

Ballstát (*)	Críoch
An Bhulgáir	Críoch iomlán
An Chróit	Críoch iomlán
An Chipir	Críoch iomlán
An Ghréig	Críoch iomlán
Éire	Críoch iomlán
An Iodáil	Regione Basilicata: Provincia di Potenza Regione Calabria Regione Campania Regione Lazio: Provincia di Roma Regione Marche: Provincia di Macerata Regione Puglia: Provincia di Barletta-Adria-Trani, Brindisi, Foggia, Lecce Regione Sardegna: Provincia di Sassari Regione Sicilia
Málta	Críoch iomlán
An Phortaingéil	Região Autónoma dos Açores: Ilha de São Miguel Região Autónoma da Madeira Distritos Aveiro, Beja, Braga, Bragança, Castelo Branco, Coimbra, Evora, Guarda, Leiria, Lisboa, Portalegre, Porto, Santarem, Setubal, Viana do Castelo, Vila Real, Viseu
An Rómáin	Críoch iomlán
An Spáinn	Comunidad Autónoma de Andalucía Comunidad Autónoma de Aragón Comunidad Autónoma de Islas Baleares Comunidad Autónoma de Cantabria

	Comunidad Autónoma de Castilla-La Mancha Comunidad Autónoma de Castilla y León Comunidad Autónoma de Cataluña Comunidad Autónoma de Extremadura Comunidad Autónoma de La Rioja Comunidad Autónoma de Madrid Comunidad Autónoma de Murcia Comunidad Autónoma de Navarra, Comunidad Autónoma de Valencia
An Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann)	Tuaisceart Éireann

(*) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhréir le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, chun críocha na hIarscríbhinne seo, baineann tagairtí do Bhallstáit leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann"

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn IV, Cuid II:

"CUID II

Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le LBE

Ballstát	Críoch	Dáta an fhormheasa tosaigh dá dtagraítear in Airteagal 15(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689
An Chróit	Críoch iomlán	An 18 Iúil 2022"

(4) in Iarscríbhinn VII, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chodanna I agus II:

"CUID I

Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil stádas saor ó ghalar maidir le BVB

Ballstát	Críoch
An Ostair	Críoch iomlán
An Danmhairg	Críoch iomlán
An Fhionlainn	Críoch iomlán
An Ghearmáin	Bundesland Baden-Württemberg Bundesland Bayern: Na cathracha seo a leanas agus Landkreis in Regierungsbezirk Oberbayern: Ingolstadt, Stadt München, Stadt Rosenheim, Altötting, Berchtesgadener Land, Bad Tölz-Wolfratshausen, Ebersberg, Eichstätt, Erding, Freising, Fürstenfeldbruck, Garmisch-Partenkirchen, Landsberg am Lech, Miesbach, Mühldorf am Inn, Lkr. München, Neuburg-Schrobenhausen, Pfaffenhofen an der Ilm, Lkr. Rosenheim, Starnberg, Traunstein, Weilheim-Schongau Na cathracha seo a leanas agus Landkreis in Regierungsbezirk Niederbayern: Stadt Landshut, Stadt Passau, Stadt Straubing, Freyung-Grafenau, Kelheim, Lkr. Landshut, Lkr. Passau, Regen, Rottal-Inn Na cathracha seo a leanas agus Landkreis in Regierungsbezirk Oberpfalz: Stadt Amberg, Stadt Regensburg, Weiden in der Oberpfalz, Lkr. Amberg-Sulzbach, Cham, Neumarkt in der Oberpfalz, Neustadt an der Waldnaab, Lkr. Regensburg, Schwandorf, Tirschenreuth

	Na cathracha seo a leanas agus Landkreis in Regierungsbezirk Oberfranken: Stadt Bamberg, Stadt Bayreuth, Stadt Coburg, Stadt Hof, Lkr. Bamberg, Lkr. Bayreuth, Lkr. Coburg, Forchheim, Lkr. Hof, Kronach, Kulmbach, Lichtenfels, Wunsiedel im Fichtelgebirge Na cathracha seo a leanas agus Landkreis in Regierungsbezirk Mittelfranken: Stadt Ansbach, Stadt Erlangen, Stadt Fürth, Nürnberg, Schwabach, Lkr. Ansbach, Lkr. Erlangen-Höchstadt, Lkr. Fürth, Nürnberger Land, Neustadt an der Aisch-Bad Windsheim, Roth, Weißenburg-Gunzenhausen Na cathracha seo a leanas agus Landkreis in Regierungsbezirk Unterfranken: Stadt Aschaffenburg, Stadt Schweinfurt, Stadt Würzburg, Lkr. Aschaffenburg, Bad Kissingen, Röhn-Grabfeld, Haßberge, Kitzingen, Miltenberg, Main-Spessart, Lkr. Schweinfurt, Lkr. Würzburg Na cathracha seo a leanas agus Landkreis in Regierungsbezirk Schwaben: Stadt Augsburg, Kaufbeuren, Kempten im Allgäu, Memmingen, Aichach-Friedberg, Dillingen an der Donau, Neu-Ulm, Lindau, Oberallgäu, Unterallgäu, Donau-Ries Bundesland Brandenburg Bundesland Bremen Bundesland Hamburg Bundesland Hessen Bundesland Mecklenburg-Vorpommern Bundesland Rheinland-Pfalz Bundesland Saarland Bundesland Sachsen Bundesland Sachsen-Anhalt Bundesland Thüringen
An tSualainn	Críoch iomlán

CUID II

Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le BVB

Ballstát	Críoch	Dáta an fhormheasa tosaigh dá dtagraítear in Airteagal 15(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689
An Ghearmáin	Bundesland Bayern: Na cathracha seo a leanas agus Landkreis in Regierungsbezirk Oberbayern: Dachau Na cathracha seo a leanas agus Landkreis in Regierungsbezirk Niederbayern: Deggendorf, Lkr. Straubing-Bogen, Dingolfing-Landau Na cathracha seo a leanas agus Landkreis in Regierungsbezirk Schwaben: Lkr. Augsburg, Günzburg, Ostallgäu Bundesland Berlin Bundesland Niedersachsen Bundesland Nordrhein-Westfalen Bundesland Schleswig-Holstein	An 21 Feabhra 2022
Éire	Críoch iomlán	An 18 Iúil 2022”

(5) in Iarscríbhinn VIII, i gCuid 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad a bhaineann leis an nGearmáin:

Ballstát	Críoch
"An Ghearmáin	Bundesland Baden-Württemberg Bundesland Bayern Bundesland Berlin Bundesland Brandenburg Bundesland Bremen Bundesland Hamburg Bundesland Hessen Bundesland Mecklenburg-Vorpommern Bundesland Niedersachsen Bundesland Nordrhein-Westfalen Bundesland Sachsen Bundesland Sachsen-Anhalt Bundesland Schleswig-Holstein Bundesland Thüringen"